Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Nollaig 2017
(OR. en)

15950/17
ADD 6

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0353 (COD)**

ENT 276
MI 987
CONSOM 410
COMPET 895
UD 309
CHIMIE 110
COMER 132
CODEC 2130
IA 225

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Nollaig 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 467 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 305/2011, (AE) 528/2012, (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426 agus (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Treoracha 2004/42/CE, 2009/48/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2013/53/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE, 2014/68/AE agus 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 467 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2017) 467 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.12.2017
SWD(2017) 467 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 305/2011, (AE) 528/2012, (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426 agus (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Treoracha 2004/42/CE, 2009/48/CE, 2010/35/AE, 2013/29/AE, 2013/53/AE, 2014/28/AE, 2014/29/AE, 2014/30/AE, 2014/31/AE, 2014/32/AE, 2014/33/AE, 2014/34/AE, 2014/35/AE, 2014/53/AE, 2014/68/AE agus 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

{COM(2017) 795 final} - {SWD(2017) 466 final} - {SWD(2017) 468 final} - {SWD(2017) 469 final} - {SWD(2017) 470 final}

| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin** |
|---|
| Measúnú tionchair ar Thogra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus nósanna imeachta a leagadh síos le haghaidh reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais i leith táirgí a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Is ionann luach na dtáirgí atá faoi réir rialacha comhchuibhithe AE agus níos mó ná 2 400 billiún euro in aghaidh na bliana, méid arb ionann é agus 69% de luach foriomlán na dtáirgí monaraithe in AE. De dheasca táirgí neamhchomhlíontacha a bheith ann, nochtar saoránaigh do tháirgí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach dóibh, cuirtear an comhshaol i mbaol agus déantar dálaí iomaíochta a shaobhadh. Is iad na bunchúiseanna atá leis sin easpa eolais ar na rialacha, gan mórán díspreagtha a bheith ann agus neamhéifeachtúlachtaí móra sna córais forfheidhmiúcháin. Meastar go rachaidh an fhadhb chun donais de bharr an mhéadaithe ar dhíolacháin ar líne agus ar allmhairí ó thríú tíortha. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is í aidhm an tionscnaimh líon na dtáirgí neamhchomhlíontacha ar an Margadh Aonair a laghdú trí (1) Nósanna imeachta comhair a threisiú; (2) Cumas forfheidhmiúcháin oibríochtúil a mhéadú agus éifeachtúlacht agus infhaighteacht acmhainní a fheabhsú; (3) An bosca uirlisí forfheidhmiúcháin a neartú; (4) Comhlíonadh agus inrochtaineacht faisnéise maidir le comhlíonadh a chur chun cinn. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Is ar Bhallstáit atá srianta ag teorainneacha dlínse atá sé de fhreagracht reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais a fhorfheidhmiú. Is gá gníomhaíochtaí a chomhordú chun forfheidhmiú comhsheasmhach a áirithiú ar fud AE agus chun dul i ngleic go héifeachtúil leis an neamhchomhlíonadh. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Is iad seo a leanas na roghanna a measadh: (1) Bonnlíne; (2) Feabhas ar uirlisí agus ar shásraí comhair atá ann cheana; (3) móide éifeacht díspreagtha níos mó ag uirlisí forfheidhmiúcháin agus comhordú méadaithe in AE agus (4) forfheidhmiú breise láraithe eile ar leibhéal AE i gcásanna áirithe. San áireamh sa rogha tosaíochta tá sásra don chúnamh frithpháirteach idir údaráis, Líonra AE um Chomhlíonadh Táirgí a dhéanfadh comhordú agus a chuideodh le gníomhaíochtaí comhpháirteacha forfheidhmiúcháin a chur chun feidhme agus feidhmíocht na mBallstát a phiarbhreithniú, cumhachtaí comhchoiteanna a bheith ag na húdaráis, bearta sriantacha a fhoilsiú ar bhealach níos córasaí, costais rialaithe a aisghabháil i gcás táirgí neamhchomhlíontacha agus oibleagáid a bheith ar mhonaróirí duine a ainmniú le bheith freagrach as faisnéis faoi chomhlíonadh in AE agus síneadh a chur le ról comhairliúcháin na bPointí Teagmhála do Tháirgí, faisnéis maidir le comhlíonadh a fhoilsiú go digiteach agus tairseach ghréasáin a bheith ann le haghaidh bearta deonacha. |
| **Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Aontaíonn na páirtithe leasmhara go bhfuil gá le comhordú i bhfad níos láidre, le húsáid níos mó agus níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní agus le huirlisí éifeachtacha chun feabhas a chur ar an gcreat forfheidhmiúcháin i leith rialuithe laistigh den Mhargadh Aonair agus i leith allmhairiú isteach in AE. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| De thoradh an tionscnaimh, bheadh forfheidhmiú in aghaidh táirgí neamhchomhlíontacha ní b'éifeachtaí ar fud an Mhargaidh Aonair agus bheadh seiceáil ar allmhairí ní b'éifeachtúla. Is fearr an chosaint a bheadh ag úsáideoirí táirgí ar rioscaí míchuí comhshaoil, sláinte agus sábháilteachta sa phobal agus ag an obair. Bhainfeadh gnólachtaí tairbhe as cúnamh maidir le comhlíonadh, as cothrom na féinne níos fearr agus as laghdú ar an iomaíocht éagórach. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| B'fhéidir go mbeadh ar roinnt oibreoirí eacnamaíocha oiriúnuithe a dhéanamh chun faisnéis faoi chomhlíonadh a chur ar fáil go digiteach nó duine freagrach a cheapadh in AE. Ó thaobh bhuiséad an Choimisiúin/AE de, is le bunú Líonra AE um Chomhlíonadh Táirgí go háirithe a bhainfeadh costais (€18 milliún in aghaidh na bliana). Ní mheastar go mbeadh aon drochthionchar comhshaoil ná sóisialta ann. |

| |
|---|
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
| Bheadh an togra ina chuidiú ag gnólachtaí, FBManna san áireamh, óir laghdófaí ar an drochthionchar a imríonn an iomaíocht éagórach nó neamhréireachtaí orthu. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Bheadh ar na Ballstáit dul in oiriúint do nósanna imeachta nua, ach bheadh coigilteas costais i gceist freisin de bharr chuíchóiriú na nósanna imeachta comhoibrithe. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Nuair a bheidh cumhachtaí údarás náisiúnta agus beart forfheidhmiúcháin á mionchoigeartú, ní mór a áirithiú go n-urramófar na cearta bunúsacha agus prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Anuas ar fhaireachán rialta, meastar go ndéanfar meastóireacht ar fheidhmíocht an chreata nua reachtaíochta tar éis dó a bheith i bhfeidhm ar feadh thart ar 5 bliana. |